2025/1485

25.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1485 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2025

maidir le bearta margaidh eisceachtúla le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Pholainn

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 220(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023, dheimhnigh an Pholainn 193 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5 agus thug sí fógra fúthu. Is iad sicíní *Gallus domesticus*, béaróga, turcaithe, lachain, agus géanna na speicis atá buailte.

(2) Rinne an Pholainn na bearta sláinte ainmhithe agus tréidliachta uile ba ghá láithreach agus go héifeachtúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Go sonrach, rinne an Pholainn bearta rialaithe, faireacháin agus coisctheacha agus bhunaigh sí criosanna cosanta agus faireachais ('na criosanna rialaithe') de bhun Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1395 ([4]), (AE) 2021/1982 ([5]), (AE) 2021/2100 ([6]), (AE) 2021/2186 ([7]), (AE) 2021/2310 ([8]), (AE) 2022/53 ([9]),

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1395 ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 300, 24.8.2021, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1395/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1982 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 403, 15.11.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1982/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2100 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 428, 30.11.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/2100/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2186 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 444, 10.12.2021, lch. 110, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/2186/oj).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2310 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 461I, 27.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/2310/oj).

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/53 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 9, 14.1.2022, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/53/oj).

(AE) 2022/106 ([10]), (AE) 2022/145 ([11]), (AE) 2022/198 ([12]), (AE) 2022/257 ([13]), (AE) 2022/349 ([14]), (AE) 2022/417 ([15]), (AE) 2022/454 ([16]), (AE) 2022/690 ([17]), (AE) 2022/745 ([18]), (AE) 2022/1320 ([19]), (AE) 2022/1351 ([20]), (AE) 2022/1853 ([21]), (AE) 2023/9 ([22]), (AE) 2023/125 ([23]), (AE) 2023/233 ([24]),

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/106 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 18, 27.1.2022, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/106/oj).

([11]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/145 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 24, 3.2.2022, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/145/oj).

([12]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/198 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 31, 14.2.2022, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/198/oj).

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/257 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 42, 23.2.2022, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/257/oj).

([14]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/349 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 64, 2.3.2022, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/349/oj).

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/417 ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 85, 14.3.2022, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/417/oj).

([16]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/454 ón gCoimisiún an 16 Márta 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 92, 21.3.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/454/oj).

([17]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/690 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 128, 2.5.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/690/oj).

([18]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/745 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 137, 16.5.2022, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/745/oj).

([19]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1320 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 199, 28.7.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1320/oj).

([20]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1351 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 203, 3.8.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1351/oj).

([21]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1853 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 257, 5.10.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1853/oj).

([22]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/9 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 2, 4.1.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/9/oj).

([23]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/125 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 16, 18.1.2023, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/125/oj).

([24]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/233 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 32, 3.2.2023, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/233/oj).

(AE) 2023/312 ([25]), (AE) 2023/343 ([26]), (AE) 2023/469 ([27]), (AE) 2023/497 ([28]), (AE) 2023/816 ([29]), (AE) 2023/901 ([30]), (AE) 2023/984 ([31]), (AE) 2023/1083 ([32]) agus (AE) 2023/1520 ([33]) ón gCoimisiún.

(4) Maidir leis na bearta sláinte agus tréidliachta ba ghá, bearta a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh an ghalair a shrianadh agus a dhíothú, chuir an Pholainn in iúl don Choimisiún go ndearna siad difear do líon an-mhór oibreoirí agus gur chaill na hoibreoirí sin ioncam nach raibh incháilithe do ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoi Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]).

(5) An 18 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún iarraidh fhoirmiúil ón bPolainn chun go ndéanfaí bearta eisceachtúla áirithe a pháirtmhaoiniú de bhun Airteagal 220(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le haghaidh ráigeanna a deimhníodh idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023. An 12 agus an 27 Bealtaine 2025, rinne údaráis na Polainne a n-iarraidh a shoiléiriú agus a dhoiciméadú.

(6) De thoradh chur i bhfeidhm na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear in aithris 3, cuireadh síneadh le tréimhsí branair, cuireadh toirmeasc ar éin a chur ar lonnú agus cuireadh srian ar ghluaiseachtaí i gcás gabháltais de gach cineál éanlaithe clóis sna criosanna rialaithe. Dá thoradh sin, cailleadh táirgeadh uibheacha goir, uibheacha tomhaltais, ainmhithe beo agus feola éanlaithe clóis ar na gabháltais sin a ndearnadh difear dóibh.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 220(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ní mór an páirtmhaoiniú ón Aontas a bheith coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a d'íompair an Pholainn mar gheall ar na bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla ábhartha. Na huaschainníochtaí atá incháilithe do mhaoiniú i leith gach birt tacaíochta margaidh eisceachtúil, ba cheart don Choimisiún iad a shocrú tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarraidh a fuarthas ón bPolainn i dtaca leis na ráigeanna a deimhníodh idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023.

([25]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/312 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 40, 10.2.2023, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/312/oj).

([26]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/343 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 48, 16.2.2023, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/343/oj).

([27]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/469 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 68, 6.3.2023, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/469/oj).

([28]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/497 ón gCoimisiún an 3 Márta 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 69, 7.3.2023, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/497/oj).

([29]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/816 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 102, 17.4.2023, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/816/oj).

([30]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/901 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 115, 3.5.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/901/oj).

([31]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/984 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 134, 22.5.2023, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/984/oj).

([32]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1083 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 144, 5.6.2023, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1083/oj).

([33]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1520 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 184, 21.7.2023, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1520/oj).

([34]) Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/690/oj).

(8) Chun aon riosca róchúitimh a sheachaint, ba cheart na huasmhéideanna agus méid ráta comhréidh an pháirtmhaoinithe a bhunú ar staidéir theicniúla agus eacnamaíocha nó ar dhoiciméid chuntasaíochta agus a shocrú ar leibhéal atá iomchuí i gcás gach ainmhí agus gach táirge de réir catagóirí.

(9) Chun aon riosca cistithe dhúbailte a sheachaint, níor cheart na caillteanais arna dtabhú ag tairbhithe a chúiteamh le státchabhair ná le hárachas, agus ba cheart an páirtmhaoiniú ón Aontas faoin Rialachán seo a bheith teoranta d'ainmhithe agus do tháirgí incháilithe nach bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán (AE) 2021/690.

(10) Ba cheart méid agus fad na mbeart tacaíochta margaidh eisceachtúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun tacú leis an margadh. Go sonrach, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla ach amháin maidir le táirgeadh uibheacha agus éanlaithe clóis ar na gabháltais atá lonnaithe sna criosanna rialaithe agus ar feadh fhad na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus na Polainne atá ábhartha do na 193 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach a deimhníodh idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023.

(11) Chun solúbthacht a áirithiú i gcás nach ionann na líonta ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh agus na huaslíonta a shocraítear sa Rialachán seo, líonta atá bunaithe ar mheastacháin, féadfar cúiteamh a choigeartú laistigh de theorainneacha áirithe, ar choinníoll go n-urramaítear an t-uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas.

(12) Ós rud é gur in euro a shocraítear an chabhair ón Aontas, is gá dáta a shocrú chun an méid a leithdháilfear ar na Ballstáit nár ghlac an euro mar a n-airgeadra náisiúnta a chomhshó, mar is amhlaidh i gcás na Polainne. Ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le sprioc-am chun na hiarratais ar chabhair a chur isteach, is iomchuí, chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([35]), dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheas mar theagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

(13) Chun éifeachtacht an bhirt eisceachtúil seo a áirithiú, ba cheart do thairbhithe an tacaíocht airgeadais éigeandála a fháil go tapa. Ina theannta sin, ba cheart faireachán tráthúil ar an mbuiséad a áirithiú chomh maith le bearta leantacha cothrom le dáta agus úsáid éifeachtúil an chúlchiste talmhaíochta, agus, ar an gcaoi sin, infhaighteacht an chúlchiste a uasmhéadú agus feabhas a chur ar an acmhainneacht freagairt go pras do ghéarchéimeanna a thagann chun cinn. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta incháilitheachta faoina bhfuil an Pholainn leis an tacaíocht sin a íoc leis na tairbhithe a shainiú. Aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta sin, ba cheart a mheas go mbeadh sí neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

(14) Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas an caiteachas a thabhóidh an Pholainn faoin mbeart eisceachtúil seo a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Pholainn an tacaíocht le haghaidh an bhirt eisceachtúil seo a íoc faoin 28 Feabhra 2026.

(15) Ó tharla nach measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an 28 Feabhra 2026 a bheith incháilithe in imthosca ar bith, ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(16) Chun incháilitheacht agus cruinneas na n-íocaíochtaí a áirithiú, ba cheart don Pholainn seiceálacha *ex ante* a dhéanamh.

(17) Chun a áirithiú go ndéanfaidh an Pholainn na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([35]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Soláthróidh an tAontas páirtmhaoiniú a bheidh coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a d'iompair an Pholainn chun tacú le margadh na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis ar bhuail na 193 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5 é, ar ráigeanna iad a bhraith an Pholainn agus ar thug sí fógra fúthu idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023.

Airteagal 2

1. Ní bheidh caiteachas a d'iompair an Pholainn incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas ach amháin:

(a) ar feadh fhad chur i bhfeidhm na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais agus na Polainne a liostaítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 1; agus

(b) maidir leis na gabháltais éanlaithe clóis sin a bhí faoi réir na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta agus atá lonnaithe sna criosanna dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais agus na Polainne a liostaítear san Iarscríbhinn ('na criosanna rialaithe'); agus

(c) i gcás ina mbeidh sé íoctha ag an bPolainn leis na tairbhithe faoin 28 Feabhra 2026 ar a dhéanaí; agus

(d) murar thairbhigh an t-ainmhí nó an táirge, maidir leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a), d'aon chúiteamh trí bhíthin státchabhrach nó árachais agus mura bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/690.

2. Ní bheidh aon chuid den chaiteachas a íocfaidh an Pholainn tar éis an 28 Feabhra 2026 incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, gan beann ar an gcion den chaiteachas atá i gceist leis.

Airteagal 3

1. Is é EUR 14 059 607, mar a shonraítear thíos, uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas:

(a) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada branair sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag na rátaí comhréidhe seo a leanas:

(i) EUR 0,011 in aghaidh an phuiléid cáis in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 11 11 suas le 873 900 ainmhí ar a mhéad;

(ii) EUR 0,033 in aghaidh an phuiléid sciobóil in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 11 11 suas le 349 568 ainmhí ar a mhéad;

(iii) EUR 0,030 in aghaidh na béaróige cáis in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 1 706 344 ainmhí ar a mhéad;

(iv) EUR 0,007 in aghaidh na béaróige sciobóil in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 254 190 ainmhí ar a mhéad;

(v) EUR 0,008 in aghaidh an tsicín lena ramhrú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 4 522 375 ainmhí ar a mhéad;

(vi) EUR 0,003 in aghaidh an tsicín lena ramhrú a shaothraítear de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 543/2008 ón gCoimisiún ([36]), in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 337 045 ainmhí ar a mhéad;

(vii) EUR 0,060 in aghaidh an turcaí fhirinn in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 266 078 n-ainmhí ar a mhéad;

(viii) EUR 0,032 in aghaidh an turcaí bhaininn agus fhirinn mheasctha in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 467 641 ainmhí ar a mhéad;

(ix) EUR 0,023 in aghaidh an turcaí bhaininn in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 521 517 n-ainmhí ar a mhéad;

([36]) Rialachán (CE) Uimh. 543/2008 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh feoil éanlaithe clóis (IO L 157, 17.6.2008, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/543/oj).

(x) EUR 0,023 in aghaidh an turcaí bhaininn a shaothraítear de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 543/2008, in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 55 302 ainmhí ar a mhéad;

(xi) EUR 0,011 in aghaidh na lachan in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 1 271 454 ainmhí ar a mhéad;

(xii) EUR 0,006 in aghaidh na lachan a shaothraítear de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 543/2008, in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 411 800 ainmhí ar a mhéad;

(xiii) EUR 0,094 in aghaidh na gé breithe saor-raoin in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 2 325 ainmhí ar a mhéad;

(xiv) EUR 0,048 in aghaidh na gé in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 27 473 ainmhí ar a mhéad;

(xv) EUR 0,060 in aghaidh na gé a shaothraítear de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 543/2008, in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 2 853 ainmhí ar a mhéad;

(xvi) EUR 0,015 in aghaidh an phóraitheora sicíní grísce sciobóil in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 397 614 ainmhí ar a mhéad;

(xvii) EUR 0,026 in aghaidh an phóraitheora lachan sciobóil in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 68 926 ainmhí ar a mhéad;

(xviii) EUR 0,118 in aghaidh an phóraitheora géanna sciobóil in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 28 527 n-ainmhí ar a mhéad;

(b) i gcás caillteanais a bhaineann leis na tréimhsí fada tógála agus ramhraithe sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag na rátaí comhréidhe seo a leanas:

(i) EUR 0,004 in aghaidh an phuiléid in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 11 11 suas le 80 572 ainmhí ar a mhéad;

(ii) EUR 0,011 in aghaidh an tsicín lena ramhrú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 468 081 ainmhí ar a mhéad;

(iii) EUR 0,013 in aghaidh an tsicín lena ramhrú a shaothraítear de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 543/2008, in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 112 506 ainmhí ar a mhéad;

(iv) EUR 0,012 in aghaidh an turcaí fhirinn in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 45 957 n-ainmhí ar a mhéad;

(v) EUR 0,032 in aghaidh na lachan in aghaidh an lae a thagann faoi chód 0105 99 10 suas le 21 313 ainmhí ar a mhéad;

2. I gcás inar mó an líon ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh ná an t-uaslíon ainmhithe a leagtar amach i mír 1, féadfar an caiteachas atá incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas a choigeartú in aghaidh na míre agus a bheith níos mó ná na méideanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm na n-uaslíonta in aghaidh na míre, ar choinníoll go mbeidh iomlán na gcoigeartuithe fós faoi bhun 20 % den uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 4

Déanfaidh an Pholainn seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair i gcomhréir le hAirteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]).

Fíoróidh an Pholainn an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) incháilitheacht an iarratasóra a bhfuil an iarraidh ar thacaíocht á cur isteach aige;

(b) i gcás gach iarratasóra incháilithe: incháilitheacht, cainníocht agus luach an chaillteanais iarbhír táirgeachta;

(c) nach bhfuair aon iarratasóir incháilithe cistiú ó aon fhoinse eile chun na caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo a chúiteamh.

([37]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

Féadfar cabhair a íoc le hiarratasóirí incháilithe a bhfuil na seiceálacha riaracháin orthu curtha i gcrích, gan fanacht le go mbeidh na seiceálacha uile ar an láthair déanta ar iarratasóirí roghnaithe. Mar sin féin, ní mór na seiceálacha uile ar an láthair a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis na n-íocaíochtaí.

I gcásanna nach ndeimhnítear incháilitheacht iarratasóra, déanfar an chabhair a aisghabháil agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (AE) 2021/2116.

Airteagal 5

Chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, is é dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an teagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de reachtaíocht an Aontais agus na Polainne dá dtagraítear in Airteagal 2(1) ina liostaítear na criosanna rialaithe agus na tréimhsí

Codanna den Pholainn agus tréimhsí arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus reachtaíocht na Polainne, agus a shainítear sa mhéid seo a leanas:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1395,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1982,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2100,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2186,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2310,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/53,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/106,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/145,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/198,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/257,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/349,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/417,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/454,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/690,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/745,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1320,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1351,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1853,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/9,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/125,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/233,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/312,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/343,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/469,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/497,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/816,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/901,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/984,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1083,

— agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1520,

— An dlí náisiúnta lena ndearbhaítear ionfhabhtú tar éis ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a deimhníodh idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023,

— An dlí náisiúnta lena n-aistarraingítear dearbhú ionfhabhtaithe tar éis ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a deimhníodh idir an 9 Lúnasa 2021 agus an 3 Lúnasa 2023.